

Treoir do Bhunú agus Eagrú Ranganna Speisialta

do

Bhoird Bhainistíochta agus Príomh-Oidí Bunscoileanna agus
Iarbhunscoileanna

PLEANÁIL

**FORBAIRT
FOIRNE**

DEONTAIS

TACAÍOCHT

**Sa treoir seo cuimsíonn an focal 'tuismitheoir'
caomhnóir an scoláire chomh maith.**

© NCSE 2016

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn

Baile Átha Troim

Co na Mí

T: 046 948 6400

www.ncse.ie

Clár

Réamhrá	2
Cé acu scoláirí a chláraítear i ranganna speisialta?	2
Cé a dhéanann cinneadh an scoláire a chlárú i rang speisialta?	4
Cá fhad a chaitheann an scoláire i rang speisialta?	4
Conas a bhunaítear rang speisialta?	5
Cad iad na bearta a bhaineann leis an rang a bhunú?	6
Cad iad na hacmhainní atá ar fáil do ranganna speisialta?	11
Cad iad na cúrsaí a bheadh mar údar rang speisialta a dhúnadh?	12
Pointí Deachleachtais	13
Aguisín 1:	
Naisc Úsáideacha do Scoileanna	16
Appendix 2:	
Polasaí ROS: Cóimheasa Foirne & Coimeádta & Deontas Caipitíochta	19

Réamhrá

Chomh fada agus is féidir, ba chóir oideachas a chur ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i ranganna lárshrutha i dteannta a leithéidí féin, ach tacaíochtaí breise a bheith acu de réir gá.

Cuid de chóras leanúnach soláthar oideachais is ea ranganna speisialta¹ a ligeann do scoláirí ag a mbíonn riachtanais chasta oideachais speisialta a bheith i ranganna beaga, ach iad fós sa scoil áitiúil lárshrutha. Sa timpeallacht úd bíonn tacaíocht ar fáil ag an scoláire nach bhfuil in ann plé leis an gcuraclam i rang lárshrutha, fiú le tacaíocht, go ceann lá iomlán scoile nó an chuid ba mhó de. Ba chóir scoláirí a chláraítear i ranganna speisialta a bhreith isteach i ranganna lárshrutha chomh fada agus is féidir, de réir a gcumas féin.

Sa treoir seo tá eolas agus comhairle do scoileanna maidir le bunú agus eagrú ranganna speisialta ceadaithe ag an NCSE i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna lárshrutha. Bunaíodh iad ar phrionsabail deachleachtais agus iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta iadsan a chur san áireamh mar is cóir nuair a bhíonn rang speisialta á bhunú, á eagrú agus foireann á sholáthar chuige. Ba chóir an treoir seo a léamh i dteannta na dTreoracha Trasnaithe NCSE do Scoileanna atá ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE ag: <http://ncse.ie/information-booklets-and-pamphlets-for-schools>

Cé acu scoláirí a chláraítear i ranganna speisialta?

Ceadaítear ranganna speisialta i scoileanna lárshrutha dóibh siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta mar gheall ar mhíchumais áirithe. Liostáiltear na cineálacha ranganna speisialta in Aguisín 2. Níor chóir smaoineamh ar chlárú i rang speisialta ach amháin más léir go bhfuil an tacaíocht san ag teastail ón scoláire toisc nach féidir leis/léi foghlaim go héifeachtach, fiú le tacaíocht, i rang lárshrutha go ceann lá iomlán scoile nó an chuid ba mhó de.

Bíonn scoláirí áirithe in ann an churaclam lánshrutha a leanúint ar bhonn acadúil, ach fós bíonn sé dian orthu déileáil le rang lárshrutha go lánaimseartha. Tharlódh sé go mbeadh deacrachtaí suntasacha iompair nó ceadfaíoch nár feabhsaíodh, fiú trín idirghabháil chuí, sa rang lárshrutha.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi chlárú i rang speisialta ba chóir smaoineamh ar:

- Buanna, cumas agus riachtanais an scoláire
- Taithí agus torthaí an scoláire cheana féin (i réamhscoil nó bunscoil mar is cuí)

¹ Iarrtar ar scoileanna an téarma 2 rang speisialta a úsáid seachas an téarma 2 aonad mar bíonn brí a bhaineann le leigheas seachas oideachas leis sin.

- Na hhdirdirghabhálacha a bhí ann nó a d'fhéadfaí a bhunú, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, chun tacú leis an scoláire laistigh den chóras lárshrutha.
- Moltaí agus tuairimí tuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí agus lucht eile proifisiúnta, mar is cuí.

Chun dul isteach i rang speisialta ní mór tuairisc a bheith ag an scoláire ó dhuine cuí proifisiúnta nó meitheal proifisiúnta (mar shampla, síceolaí, teiripí teanga agus urlabhra, siciatraí) ag rá:

- 1 Go bhfuil sé/sí faoi mhíchumas (de réir ainmniúchán an rang speisialta atá i gceist) agus**
- 2 Go bhfuil riachtanais chasta nó doimhne foghlama aige/aici agus dá bhrí sin go bhfuil gá le tacaíocht i suíomh rang speisialta agus ní mór na fáthanna a lua.**

Caithfidh an tuairisc phroifisiúnta géilleadh do riachtanais na ROS don mhíchumas áirithe atá i gceist.

Ar chuntar ar bith níor chóir do scoil aon scoláire a chur isteach i rang speisialta gan a leithéid de tuairisc phroifisiúnta.

Ranganna Luathidirghabhála

Bíonn ranganna Luathidirghabhála ar fáil do leanaí idir 3-5 bliana ag a bhfuil aicíd speictream uathachais. Bíonn líon beag díobh ar fáil freisin do leanaí atá Bodhar/ar a bhfuil Moill Éisteachta agus leanaí faoi mhíchumas fisiciúil.

Leanann na ranganna Luathidirghabhála Lá na Naíonán Sóisireacha/Sinsearacha i.e. 4 uair 40 nóiméad in aghaidh an lae.

I gcomhar le tuismitheoirí, féadfaidh scoileanna fad an lae scoile a laghdú do leanaí 3 bliana nach bhfuil in ann déileáil le lá iomlán sa suíomh Luathidirghabhála.

Tá na ranganna Luathidirghabhála ann chun tacú go luath le leanaí ag a bhfuil ASD sula dtéann siad ar scoil. Tar éis na Luathidirghabhála, rachaidh na scoláirí isteach i rang lárshrutha muna dtugtar treoir phroifisiúnta go bhfuil gá le rang speisialta.

Áirigh led thoil: Má bhíonn leanbh ag freastal ar rang Luathidirghabhála ní hionann san, ná níor chóir glacadh leis, go mbeidh gá ag an leanbh sin le clárú i rang speisialta nuair a bheifear ag clárú sa bhunscoil.

I gcás rang Luathidirghabhála ASD, caithfear a lua sa tuairisc phroifisiúnta go ndearnadh fáithmheas mar ASD – ina leithéid de chás ní gá a rá go bhfuil riachtanais chasta nó doimhne foghlama agus go bhfuil gá dá reir sin le suíomh rang speisialta.

Cé a dhéanann cinneadh an scoláire a chlárú i rang speisialta?

Is iad na tuismitheoirí ar deireadh a dhéanann an cinneadh – i gcomhar leis an scoláire, an scoil agus lucht eile proifisiúnta cuí. Beidh eolas oibiachtúil cuimsitheach ag teastáil ó thuismitheoirí faoi na roghanna atá acu agus níor mhór dul i gcomhairle le lucht proifisiúnta cuí (m.sh. an scoil, síceolaí, eagraí um riachtanais oideachais speisialta (SENO), lucht proifisiúnta sláinte) chun teacht ar chinneadh bunaithe ar eolas.

Ní foláir don scoil cead scríofa a fháil ó thuismitheoirí sula gcláraítear scoláire i rang speisialta. Bíonn sé sin deacair uaireanta do thuismitheoirí mar braitheann siad go bhfuiltear faoi bhrú an leanbh a choimeád sa chóras lárshrutha.

Uaireanta ní bhíonn aon cheist faoi chinneadh má bhíonn riachtanais fórchasta ag an scoláire. Uaireanta eile, déantar an cinneadh tar éis tréimhse measúnaithe, idirghabháil agus athbhreithniú déanta ag múinteoirí is iad i gcomhar, nuair is cuí, le síceolaithe ón Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus lucht seachtrach eile proifisiúnta. Ba chóir do thuismitheoirí agus scoláirí plé go gníomhach leis an bpróiseas.

Cá fhad a chaitheann an scoláire i rang speisialta?

Toisc go dtagann athrú ar riachtanais fhoghlama le himeacht aimsire, ba chóir don scoil an clárú i rang speisialta a athbhreithniú go rialta, ar a laghad uair amháin i rith na bliana. Ba chóir dul chun cinn an scoláire i gcomhthéacs a c(h)uid spriocanna foghlama a scrúdú go cúramach.

San athbhreithniú ba chóir smaoineamh ar:

- Tuairimí an scoláire, tuismitheoirí, múinteoirí agus lucht eile proifisiúnta mar is cuí
- Oiriúnacht an tsocrúcháin sa rang speisialta
- An bhfreagrófaí níos fearr do riachtanais an scoláire i suíomh lárshrutha nó an bhfuil gá le breis tacaíochta i suíomh eile (m.sh. i scoil speisialta).

Má chinntítear nach é an rang speisialta an socrúchán is oiriúnaí, féadfaidh an scoláire aistriú go:

- rang lárshrutha sa scoil chéanna
- rang lárshrutha i scoil níos gaire do bhaile an scoláire nó
- rang speisialta eile ach é sin a bheith i gcatagóir difriúil nó
- scoil speisialta.

Má tá aistriú go scoil eile i gceist, caithfidh na tuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar an leanbh a chlárú sa scoil nua agus fanfaidh an scoláire sa rang speisialta ina bhfuil sé/sí go dtí go n-eagraítear an socrú nua.

Níor mhór don scoil freisin a chur in iúl don SENO nuair a fhágann scoláire aon rang speisialta, chun dul ar ais go lárshruth nó chun freastal ar scoil eile; bíonn folúntas ann dá réir agus d'fhéadfadh scoláire éigin eile leas a bhaint as.

Ba chóir don scoil clárú an scoláire i rang speisialta a athbhreithniú go rialta.

Tá na rialacha don uastréimhse a chaitheann scoláire i rang speisialta ar aon dul leo siúd do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lárshrutha. San oideachas bunscoile tá timthriail ocht mbliana: naíonáin shóisireacha, naíonáin shinseareacha, ansin ón gcéad go dtí an séú rang. Bogann scoláirí ar aghaidh go dtí an chéad rang eile ag deireadh na scoilbhliana agus de ghnáth aistrítear go hiarbhunoideachas in aois 12 bliana. Timthriail sé bliana a bhíonn i gceist de ghnáth, trí bliana don Timthriail Shóisearach agus trí bliana don Timthriail Shinsearach. San áireamh tá an Idirbhliain ach ní gach aon scoil a chuireann é sin ar fáil.

Baineann dhá eisceacht leis an rialail ghinearálta san, i.e. ranganna speisialta do scoláirí ag a bhfuil míchumas foghlama ar leith agus scoláirí ar a bhfuil aicídí teanga agus urlabhra. Ina leithéid de chás, caitheann an scoláire dhá bhliain sa rang úd agus filleann ansin ar an scoil áitiúil.

Conas a bhunaítear rang speisialta?

Féadfaidh aon scoil iarratas a dhéanamh chuig an NCSE ar rang speisialta a bhunú má aithnítear go bhfuil gá leis sa cheantar i.e. b'fhéidir go mbeadh tuairiscí proifisiúnta ag roinnt scoláirí ag cur in iúl go bhfuil tacaíocht uathu i rang speisialta.

Thairis sin féadfaidh SENO an cheist a lua leis an scoil má tá a fhios acu go bhfuil gá le rang speisialta nó go mbeidh sar i bhfad. Bíonn SENO ag plé le páirtíochtaí eile oideachais (m.sh. NEPS agus an Chigireacht) nuair a phleanáiltear rang speisialta. Pléann na SENO freisin leis an Roinn Pleanála agus Foirgníochta sa ROS má bheirtear rang speisialta isteach i bhfoirgneamh nua.

Sula dtéann SENO chuig scoil chun bunú rang speisialta a phlé, cuirtear san áireamh an gá sa cheantar lena linn sin agus sa todhcháí; ní mór a bheith sásta gur beart inmharthana ar láthair oiriúnach a bheidh ann. D'éisigh an ROS rátaí coimeádta mar threoir do na SENO chun an inmharthanacht a mheas – féach na Cóimheasa Coimeádta i Ranganna Speisialta ón ROS in Aguisín 2.

Ina theannta san, smaoinoidh an SENO ar:

- cóiríocht agus inrochtaineacht na scoile
- an líon ranganna speisialta, más ann dóibh, atá cheana féin sa scoil.

I gcásanna áirithe, féadfaidh SENO rang a cheadú fiú muna bhfuil dóthain scoláirí ann do rang iomlán. Déantar é seo ar an mbonn go bhféadfaí an rang a líonadh ar ball nuair a aithníonn an NCSE scoláirí eile a mbíonn a leithéid de rang ag teastáil uathu.

Is é Bord Bainistíochta na scoile ar deireadh a dhéanann an cinneadh ar an rang speisialta a oscailt. É sin ráite, áfach, is é an rud is tábhachtaí ná freagairt do riachtanais iad siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus, murach na riachtanais bhreise, a bheadh ag freastal mar is gnáth ar scoil áitiúil ina bpobal féin.

Cad iad na bearta a bhaineann leis an rang a bhunú?

Céim 1: Smaoiníonn an scoil/SENO ar an mbunú

Céim 2: Seolann an scoil iarratas

Céim 3: Ceadaítear an rang faoi ainmniúchán áirithe

Céim 4: Cláraíonn Tuismitheoirí/an Scoil na scoláirí

Céim 5: Déanann an scoil pleanáil don oscailt ranga

Céim 1: Smaoiníonn an scoil/SENO ar an mbunú

Chun teacht ar chinneadh maidir le rang speisialta a bhunú, cuireann an scoil san áireamh, i gcomhar le SENO agus lucht eile proifisiúnta:

- An mó scoláire, agus tuairiscí cuí proifisiúnta acu, is dóigh linn a bheidh againn?
- Cad iad riachtanais fhoghlama/cúraim na scoláirí céanna agus cen tacaíochtaí a bheadh uathu?
- An mbeidh gá le breis foirne a earcú?
- An mbeidh gá le pleanáil d'oilíúint bhreise ar mhúinteoirí?

- Cén tacaíochtaí a bheidh uainn ó lucht seachtrach proifisiúnta?
- An bhfuil spás don rang sa bhfoirgneamh atá againn? An gcaithfear foirgneamh eile sealadach nó buan a fháil nó athchóiriú a dhéanamh ar sheomraí atá cheana féin ann? An mbeidh gá le cead pleanála?

Ba chóir don scoil aon chúis imní a phlé leis an SENO agus lucht eile cuí proifisiúnta.

Níor mhór comhráití faoi rang speisialta a bhunú a eagrú go maith roimh ré, tamall maith roimh thús na scoilbhliana dar gcionn (i ndáiríre ba chóir a bheith réidh leo mí Eanáir).

Céim 2: Seolann an scoil iarratas

Aithníonn an SENO agus an Bord Bainistíochta na scoláirí, ag a bhfuil tuairiscí proifisiúnta, a bhfuil an dealramh orthu go mbeidh rochtain ar rang speisialta uathu.

Seolann an Bord Bainistíochta iarratas scríofa chuig an SENO ag lorg cead rang speisialta a oscailt do chatagóir áirithe. Ní mór do Chathaoirleach an Bhoird an t-iarratas a shíniú.

Céim 3: Ceadáitear an rang faoi ainmniúchán áirithe

Scríobhann an SENO chuig an scoil ag tabhairt cead rang speisialta a oscailt faoi ainmniúchán áirithe.

Ligeann an litir ceadaithe úd do scoileanna cur isteach ar oiliúint do mhúinteoirí, cóiríocht agus deontais TE ón ROS.

Ceadáitear dáilte múinteoirí agus SNA mar chuid den dháileadh iomlán scoile do riachtanais oideachais speisialta, eisítear é sin mí an Mheithimh in aghaidh na bliana.

Cuireann an SENO in iúl **d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** gur ceadáíodh rang speisialta ionas go n-áireofar an rang sa phleanáil FSS. Is ar an FSS atá an dualgas seirbhísí teiripeacha a sholáthar. Beidh an SENO in ann sonraí teagmhála áitiúla an FSS a chur in iúl don scoil.

(Nóta: Tuigeann an NCSE nach i gcónaí a bhíonn tacaíochtaí sláinte do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta ar fáil ar bhonn leanúnach agus go mbíonn teorainn leo 2 i réimsí áirithe. Tá an FSS ag iarraidh soláthar seirbhíse a fheabhsú trí pholasaí nua 'Feabhas ar Sheirbhísí Míchumais' 3 ach is i bhfad na haimsire a rachaidh na hathruithe i bhfeidhm ar an gcóras. Idir an dá linn, soláthraíonn an FSS tacaíochtaí teiripeacha (teiripe teanga agus urlabhra, teiripe ceirde agus mar sin de) de réir an mheasúnaithe a dhéanann siad ar riachtanais an scoláire agus laistigh den pholasaí reatha atá acu.

2 NCSE (2013) Tacú le Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais oideachais sna Scoileanna ar fáil ag: http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/09/Supporting_14_05_13_web.pdf

3 Tá breis eolas ar Sheirbhísí FSS Feabhas ar Sheirbhísí Míchumais ar fáil ag: <http://www.hse.ie/progressingdisabilityservices/>

Céim 4: Cláraíonn Tuismitheoirí/an Scoil na scoláirí

Cuireann an SENO agus an scoil in iúl do na tuismitheoirí lena mbaineann go bhfuil ranganna speisialta ar fáil ar láithreacha áirithe agus áiteanna ar fáil iontu. Caithfear a chur in iúl do thuismitheoirí freisin go mbeidh clárú an linbh faoi réir polasaí cláraithe na scoile áirithe sin.

Ansin más rogha leo, déanann na tuismitheoirí teagmháil leis an scoil i dtreo an leanbh a chlárú sa rang speisialta.

Inseoidh an SENO don phríomh-oide má bhíonn gá le tuairiscí proifisiúnta chun an scoláire a chlárú sa rang speisialta.

Faigheann an scoil na tuairiscí proifisiúnta ó na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir.

Seolann an scoil **Foirm Fógra Cláraithe** chuig an NCSE i dteannta na dtuairiscí cuí proifisiúnta. Tá cóip leictreonach den bhfoirm (Foirm 7) ar fáil ag: <http://ncse.ie/for-schools>

Céim 5: Déanann an scoil pleanáil don oscailt ranga

1. Scála ama

Antaítear scála ama don oscailt ranga leis an SENO. De ghnáth cuirtear tús le rang i dtús na scoilbhliana ach féadfar rang a oscailt i rith na bliana mas gá.

2. Fógraí agus iarratais

Scéim Speisialta Iompair:

Ba chóir don scoil a chinntiú go líontar foirm iarratais ar iompar scoile in aghaidh gach scoláire atá ina theideal, í sínithe ag na tuismitheoirí, an príomh-oide agus an SENO roimh an chéad chlárú nó lena linn sin.

Seolann an SENO na foirmeacha líonta chuig an Roinn Iompair Scoile, ROS. Tá cóip leictreonach den bhfoirm NCSE (Foirm 2) ar fáil ag: <http://ncse.ie/for-schools>

Féadfar glaoch ar Roinn Iompair Scoile an ROS ag: 057 9325466/7. Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS – féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna

Bíonn scoláirí i dteideal iompar scoile má táthar ag freastal ar an scoil lárshrutha is gaire dóibh nó ar an scoil/rang speisialta is gaire ar féidir teacht uirthi is a bheidh in ann freastal ar riachtanais an scoláire.

Má bhíonn iompar scoile ag scoláirí i rang uathachais i scoil lárshrutha, beidh siad fós ina theideal go ceann tréimhse an bhunoideachais má aistríonn siad go rang lárshrutha sa scoil chéanna. Má aistrítear go scoil eile, áfach, beidh orthu iarratas a dhéanamh as an nua ar iompar scoile.

Teicneolaíocht Chabhrach

Ba chóir do scoileanna cur isteach ar dheontas chun fearas speisialtacha a cheannach, nuair atá sé riachtanach, do scoláirí ag a mbíonn fáithmheas:

- míchumas doimhin fisiciúil agus/nó
- míchumas céadfaíoch nó cumarsáide.

Do scoláirí a bhíonn Bodhar nó ar a mbíonn Moill Éisteachta nó Bac Radhairc, ba chóir cur isteach ar an tseirbhís Múinteoir Cuairte. Déanann an tSeirbhís Múinteoir Cuairte measúnú ar an iarratas agus cuireann comhairle ar an NCSE maidir leis an bhfearas cuí m.sh. teicneolaíocht, cló mór, téipeanna, fearas braille, fearas éisteolaíochta 7rl. Cuireann an SENO moltaí an Mhúinteoir Cuairte san áireamh nuair a mheastar iarratais ar fhearas agus déanann moladh don ROS, mar is cuí.

Ba chóir gach iarratas eile ar theicneolaíocht chabhrach a sheoladh chuig an Eagraí um Riachtanais oideachais speisialta atá freagrach as an scoil.

Tá na sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

Deontas troscán/fearas speisialtacha

Má bhíonn gá ag scoláire le troscán/fearas speisialtacha ba chóir don scoil iarratas a chur isteach. Níor mhór an t-iarratas, maraon le tuairisc ó theiripi ceirde, a sheoladh chuig an tAonad Foirgníochta, ROS, An Tulach Mhór.

Tá na sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

3. Foireann a Fhostú:

Is iad na Boird Bhainistíochta atá freagrach as foireann don rang speisialta a cheapadh agus a fhostú. San áireamh beidh múinteoirí, SNAnna agus compánaigh bus nuair a cheadaítear iad.

Nuair a cheaptar an fhoireann, is í an scoil a bhíonn freagrach as an tuarastal a eagrú trí chórais lárnaigh párolla an ROS. Ba chóir a chur in iúl freisin don roinn úd má dhúntar an rang.

Féadfar poist teagaisc i rang speisialta a líonadh laistigh den scoil trí dhuine ag a bhfuil post buan/ CID a aistriú. Thairis sin ba chóir iad a líonadh ón bpainéal (bunscoile) agus de réir na gcleachtas earcaíochta (iarbhunscoile), de réir ciorcláin an ROS. Tá ciorcláin an ROS um fhoirne scoile ar fáil ar an suíomh idirlín ag: <http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/>

4. Forbairt foirne agus tacaíochtaí leanúnacha:

Is gá múinteoirí ag a bhfuil taithí agus na cáilíochtaí cuí a chur i bhfeighil ranganna speisialta agus, nuair is féidir, cúlra acu ag saothrú le riachtanais oideachais speisialta. Ba chóir freisin iarracht a dhéanamh ar SNA ag a bhfuil taithí a chur sa rang speisialta.

Má tá scoil ag iarraidh rang speisialta a bhunú, ba chóir a bheith ag féachaint chun cinn maidir le riachtanais forbairt phroifisiúnta na múinteoirí don rang speisialta, maraon leis an bpolasaí iomlán scoile a athbreithniú maidir le hoideachas agus imeascadh scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Tá réimse tionscadal forbairt phroifisiúnta ag an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) do mhúinteoirí a oibríonn le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus ranganna speisialta. Ba chóir don scoil dul i dteagmháil leis an SESS nuair a fhaightear an litir cheadaithe chun pleanáil don oiliúint ar mhúinteoirí a éascú. Féadfar teacht ar an SESS ag: www.sess.ie

Reachtálann an tIonad Uathachais Middletown oiliúint do thuismitheoirí is lucht proifisiúnta sa réimse aicidí speictream uathachais.

Tá liosta iomlán sonraíthe den oiliúint agus tacaíochtaí ar shuíomh idirlín SESS agus ar shuíomh an Ionad Uathachais Middletown. Féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

5. Timpeallacht

Má chaitear athrú a chur ar an dtimpeallacht scoile, ba chóir dul i dteagmháil leis an Roinn Luacháil Caipiteal Scoile in Aonad Pleanála agus Foirgníochta an ROS, chomh luath agus is féidir, chun riachtanais na scoile a phlé (d'fhéadfadh úsáid sealadach seomraí réamhdhéanta a bheith i gceist). Is minic a bhíonn an próiseas tógála agus/nó cead pleanála mall go leor ó thús deireadh.

Féadfar glaoc ar Aonad Pleanála agus Foirgníochta an ROS, An Tulach Mhór ag: (057) 9325442. Tá na sonraí r-phost ar fáil in Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

Féadfaidh SENOnna cabhrú le scoileanna trí shonraí ROS a thabhairt dóibh nó plé leis an Aonad Pleanála agus Foirgníochta.

Cad iad na hacmhainní atá ar fáil do rang speisialta?

Bronntar acmhainní ar ranganna speisialta chun freastal ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Toisc go bhfuil ardleibhéil riachtanas casta acu, caithfidh siad an tseachtain iomlán nó cuid di a chaitheamh i suíomh speisialta.

1. Múinteoirí

Is ar bhonn an chóimheas scoláire-múinteoir a leagadh síos don chatagóir míchumas ainmnithe a bhronntar de ghnáth na hacmhainní ar ranganna speisialta. Mínítear na cóimheasa scoláire-múinteoir in Aguisín 2.

Áirítear scoláirí i ranganna speisialta faoi dhó do chúrsaí dáileadh múinteoirí; ar dtus áirítear iad don dáileadh múinteoirí ar an rang speisialta agus arís ar leith don dáileadh iomlán múinteoirí lárshrutha ar an scoil. Déantar é sin chun tacú leis na scoláirí a chur isteach i ranganna lárshrutha, mar is cuí.

2. Tacaíochtaí cúraim

Tá cóimheas ceaptha do rang speisialta: SNA mar a leagtar síos in Aguisín 2. Tharlódh sé nach mbeadh an leibhéal úd tacaíochta leordhóthaineach do riachtanais chúraim an díorma scoláirí cláraithe. Ina leithéid de chás, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh chuig an SENO ag cur isteach ar bhreis tacaíochtaí cúraim, ach an fáth atá leis an iarratas ar bhreis tacaíochtaí a mhíniú go soiléir.

Má bhíonn na riachtanais chúraim laistigh den rang speisialta os cionn an méid a mbeifí ag súil leis sa scoil laistigh den chóimheas bunlíne ceaptha, dáilfidh an SENO breis tacaíochtaí cúraim ar an scoil.

3. Deontais

Deontas méadaithe caipitíochta

Faigheann bunscoileanna an ráta caipitíochta lárshrutha (€170 faoi láthair) agus ráta caipitíochta méadaithe in aghaidh gach scoláire a chláraítear i rang speisialta, de réir na gcatagóirí áirithe míchumais tá na rátaí is déanaí in Aguisín 2. Mar shampla is é €670 an ráta caipitíochta méadaithe do scoláire i rang speisialta. Ach é sin a chur leis an ráta lárshrutha €170, sin iomlán €840 in aghaidh an scoláire.

Faigheann iarbunscoileanna an ráta caipitíochta lárshrutha (€301 faoi láthair) agus ráta caipitíochta méadaithe €191 in aghaidh gach scoláire a chláraítear i rang do mhíchumais fhoghlama éadrom/measartha i.e. sin dáileadh iomlán €492 in aghaidh an scoláire.

Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

Deontas um rang speisialta a bhunú

Bronntar deontas €6,500 chun costas troscán agus fearas ginearálta a chlúdach. Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna

Deontais Eile:

Deontas troscán/fearas speisialtacha: Ar fáil do scoláirí aonair a mbíonn troscán/fearas speisialtacha uathu.

Troscán agus fearas scaoilte: Bíonn €2,500 ar fáil.

Deontas aon uaire: Bíonn €7,000 ar fáil chun fearas a cheannach do sheomra ilchéadfaíoch má chuimsítear é sin sa sceideal iomlán cóiríochta.

TFC – tá deontas €5,000 ar fáil do gach seomra nua bunscoile.

Deontas mionoibreacha: Bronntar maoiniú ar gach bunscoil ar bhonn deontas €5,500, ansin €18.50 in aghaidh gach scoláire lárshrutha agus €74 in aghaidh gach scoláire i rang speisialta i scoil lárshrutha.

Tá breis eolais ar na deontais ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS – féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna

Beidh an SENO áitiúil in ann eolas a thabhairt agus comhairle a chur maidir le rang speisialta a bhunú. Tá na sonraí teagmhála ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE ag: www.ncse.ie

Cad iad na cúrsaí a bheadh mar údar rang speisialta a dhúnadh?

Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta agus SENOnna athbhreithniú rialta a dhéanamh ar inmharthanacht leanúnach na ranganna speisialta. Féadfaidh ceachtar acu a chinneadh go ndúnfar rang speisialta sna cúinsí seo a leanas:

- Titeann an líon scoláirí faoi bhun ráta coimeáda na ROS agus
- Níor aithníodh aon scoláirí eile áitiúla eile a mbeadh gá acu leis an rang.

Agus cinneadh á dhéanamh ar rang speisialta a dhúnadh cuirfidh an SENO an méid seo san áireamh:

- Conas a fhreagrófar do riachtanais oideachais na scoláirí atá fós ann, mar shampla i rang lárshrutha, scoil speisialta nó rang speisialta eile.
- An bhféadfaí, in ionad an rang a dhúnadh, é a athainmniú faoi chatagóir eile míchumais de réir athrú ar riachtanais sa cheantar áitiúil.

Níor mhór comhráití faoi inmharthanacht rang speisialta a eagrú go maith roimh ré (i ndáiríre ba chóir a bheith réidh leo mí Eanáir). Toisc go bhféadfaidh trasnú a bheith dian ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, bíonn tréimhse ama de dhíth orthu is ar na tuismitheoirí/scoileanna chun ullmhú don athrú agus pleanáil i dtreo trasnú sásúil.

Pointí Deachleachtais

Is fada ranganna speisialta mar chuid de scoileanna na hÉireann agus bunaíodh deachleachtas i gcaitheamh na haimsire. Bunaíodh na pointí seo a leanas ar a leithéid de chleachtas sna scoileanna agus ar thorthaí mórán staidéar náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An Plean Scoile

Cuimsítear polasaí agus cur chuige na scoile maidir le ranganna speisialta go hiomlán sa phlean mór scoile agus baineann siad le:

- Ról agus freagracht gach ball foirne um imeascadh a chur chun cinn
- Scoláirí a chur isteach i ranganna speisialta
- Conas a bheirtear scoláirí i ranganna speisialta isteach i ranganna lárshrutha agus gníomhaíochtaí scoile ar bhonn ciallmhar chomh fada agus is féidir.
- An cineál caidreamh a bhíonn ag scoláirí lárshrutha agus múinteoirí leis an rang speisialta (imeascadh cúil)
- Cleachtas um chur chuige bunaithe ar an scoláire aonair maidir le measúnú, pleanáil, teagasc agus taifeadadh de réir Córas Leanúnach Tacaíocht an NEPS
- Cleachtas um thuismitheoirí a bhreith isteach lena bheith bainteach le hoideachas an linbh
- Cleachtas um thacú le trasnuithe agus iad a bhainistiú
- Cleachtas um riachtanais oiliúna múinteoirí a aithint agus conas freagairt dóibh
- Cleachtas um bhaint ag polasaí scoile (m.sh. iompar dearfach a chur chun cinn agus iompar dúshlánach a smachtú) le soláthar rang speisialta, san áireamh mínítear aon mhaolú a dhéantar ar na bearta úd lena gcur in oiriúint do riachtanais na scoláirí sna ranganna seo.

Polasaí Iontrála

Bíonn Boird Bhainistíochta an-chúramach maidir leis an bpolasaí iontrála do ranganna speisialta, go háirithe má bhíonn liosta feithimh ag an scoil. Cuirtear san áireamh:

- Abhantrach na scoile, seans go dtiocfadh scoláirí a bhfuil rang speisialta uathu as áit éigin atá lasmuigh de cheantar ginearálta abhantrach na scoile
- An catagóir míchumais a ceadaíodh don rang

- Dáileadh na n-áiteanna má bhíonn an iomarca scoláirí ag cur isteach orthu⁴
- Dáileadh na n-áiteanna i ranganna lárshrutha. Toisc go n-áirítear scoláirí i ranganna speisialta ar na rollaí lárshrutha agus rang speisialta, is maith an rud é áit i rang lárshrutha a dháileadh don scoláire atá i rang speisialta. Ar an gcuma san féadfaidh na scoláirí teacht ar áit sa rang lárshrutha (san áireamh beidh ábhair roghnacha i scoileanna iarbhunoideachais) chomh fada agus is féidir, de réir a gcumas féin páirt a ghlacadh sa rang.

Curaclam

Tugtar seans do scoláirí i ranganna speisialta an réimse iomlán curaclam a leanúint de réir a gcumas, trí idirdhealú sa teagasc i ranganna speisialta nó i ranganna lárshrutha.

Bíonn roghanna cuí teistiméireachta ann do scoláirí i ranganna speisialta.

D'eisigh An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta treoir úsáideach do mhúinteoirí a bhíonn ag plé le scoláirí ag a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama i scoileanna iarbhunoideachais – féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

Pleanáil Aonair

Bíonn plean sonraithe tacaíochta ag scoláirí i ranganna speisialta a leagann síos spriocanna agus straitéisí dá gcuid riachtanas éagsúla, de réir Córas Leanúnach Tacaíocht an NEPS.

Bunaítear an plean ar mheasúnu cruinn ar riachtanais an scoláire. Cuimsítear spriocanna lárnacha neamhspleáchas agus cumarsáide chun rannpháirtíocht i ranganna lárshrutha, agus/nó filleadh ar shocrúchán i ranganna lárshrutha, a éascú chomh fada agus is féidir.

Díríonn an plean tacaíochta ar riachtanais an scoláire i gcuid de na réimsí seo a leanas, nó iontu ar fad, de réir an scoláire mar is cuí:

- Foghlaim
- Sóisialta agus cumarsáid
- Mothúcháin
- Iompar
- Scileanna beatha, neamhspleáchas san áireamh
- Cúram
- Timpeallacht fhisiciúil a chur in oiriúint

4 Nóta: Níl cead ag scoil áit i rang speisialta a choimeád do leanbh i rang Luathidirghabhála atá le dhul ar scoil mí Meán Fómhair dar gcionn, má bhíonn gá ag leanbh eile leis an socrú roimh an dáta sin.

Déantar athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn an scoláire.

Foireann Teagaisc a cheapadh

Aithnítear go bhfuil riachtanais chasta foghlama ag scoláirí i ranganna speisialta agus ceaptar múinteoirí ag a mbíonn eolas agus taithí acu ar a leithéidí. Tugtar deiseanna breise oiliúna nuair is gá.

Ní bhíonn ach líon beag múinteoirí ag an rang speisialta, an líon is gá chun curaclam leathan ábhartha agus leibhéal leanúnach tacaíochta a chinntiú.

In iarbhunscoileanna, déanann an príomh-oide cothromú idir an dá ghá mar atá leanúnachas foirne agus rochtain múinteoirí speisialtacha.

Forbairt Foirne

Spreagann Boird Bhainistíochta na múinteoirí ranganna speisialta i leith deiseanna cuí foghlama chun eolas, scileanna agus cumas an mhúinteoir rang speisialta a chinntiú. Tógtar freisin ar an gcumas a bhíonn ag múinteoirí lárshrutha sa réimse riachtanas oideachais speisialta.

Spreagann na Boird Bhainistíochta na múinteoirí le cuairt a thabhairt ar ranganna speisialta eile, mar shampla cleachtas dóibh fhéin. D'fhéadfadh an SENO sonraí teagmhála a leithéid de rang i scoil áitiúil a thabhairt don phríomh-oide, ionas go bhféadfaí cuairt nó teagmháil a shocrú.

Cinntíonn Boird Bhainistíochta go gcuirtear an oiliúint chuí ar chúntóirí um riachtanais speisialta chun an obair a dháiltear orthu a chur i gcrích.

Trasnú

Déanann an scoil pleanáil chúramach chun tacú le scoláirí ag aistriú isteach i/amach as rang speisialta, san áireamh bíonn aistriú i rith an lae scoile. Múintear scileanna speisialta, de réir gá, don trasnú go dtí an suíomh nua.

D'eisigh an NCSE Treoir Aistrithe do Thuismitheoirí, Scoláirí agus Scoileanna mar chúnamh don phróiseas aistrithe do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Féach Aguisín 1: Naisc Úsáideacha do Scoileanna.

Cóiríocht

Cinntíonn an scoil, nuair is féidir é, go bhfuil an seomra ranga speisialta i lár na scoile agus dótháin spás ann do na hionaid oibre, cathaoireacha rotha nó trealamh is troscán eile speisialtacha. Ar an gcuma san ní bhíonn an rang scoite amach, laghdaítear idirdhealú na scoláirí agus leithlis an fhoireann teagaisc.

Aguisín 1: Naisc úsáideacha do Scoileanna

Deontais, Tacaíochtaí agus Scéimeanna

Teicneolaíocht Chúntach:	Tá imlir na ROS um theicneolaíocht chúntach ar fáil ar shuíomh gréasáin na ROS ag: http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0010_2013_ir.pdf . Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin NCSE ag: http://ncse.ie/for-schools . Tá sonraí teagmhála na Seirbhíse Múinteoirí Cuairte ar fáil ag www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service .
Rátaí caipitíochta:	http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Deontais-agus-Tacaíochtaí-Breise/Deontas-Caipitíochta/ .
Scéim na Scoilbhliana leathnaithe (Soláthar Lúil)	http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Soláthar-Lúil/Soláthar-Lúil.html .
Nóta eolais maidir le soláthar foirne, Tacaíochtaí agus Deontais do ranganna aicíd speictream uathachais:	https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Grants-and-Additional-Support/New-ASD-Classes-Staffing-Supports-and-Grants-Information.pdf .
An tAonad Pleanála agus Tógála:	www.education.ie/en/School-Design .
Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA), Imlir 0030/2014:	http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0030_2014_ir.pdf .
Troscán riachtanais speisialta:	http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Troscán-Trealamh/Troscán-Trealamh-Oideachais-Speisialta/ .
Scéim Iompair:	http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Iompar-Scoile/Eolas.html .

Seirbhísí agus Gníomhaireachtaí

Ionad Uathachais Middletown:	https://www.middletownautism.com .
An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iomparáochta (NBSS):	http://www.nbss.ie .
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE):	http://ncse.ie/for-schools .
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS):	http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-.html .
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST):	http://www.pdst.ie .
An tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta	www.sess.ie .
Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO):	http://ncse.ie/seno-contact-list .

Doiciméid úsáideacha do scoileanna ag a bhfuil Ranganna Speisialta

<p>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA):</p>	<p>Cláir Foghlama Leibhéil 2 don tSraith Shóisearach nua: http://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Level-2-LPs.</p> <p>Treoirínte do Mhúinteoirí Scoláirí ag a bhfuil Míchumais foghlama Ghinearálta http://www.ncca.ie/en/Publications/Syllabuses_and_Guidelines/Guidelines_for_Teachers_of_Students_with_General_Learning_Disabilities.pdf.</p>
<p>Tuarascálacha Taighde de chuid NCSE:</p>	<p>Staidéar ar Aistriú ón Bhunscoil go dtí an Meánscoil maidir le scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/Transitions_23_03_13.pdf.</p> <p>Tuarascáil Taighde ar Ról Scoileanna agus Ranganna Speisialta in Éirinn http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/4_NCSE_SpecSchlsClas.pdf.</p> <p>Understanding Special Class Provision in Ireland (Soláthar Ranganna Speisialta in Éirinn a Tuiscint) Tuarascáil Taighde de chuid NCSE. Uimh. 16. 2014. http://ncse.ie/research-reports.</p> <p>Ranganna Speisialta i Scoileanna na hÉireann. Céim 2: Staidéar Cáilíochta. Tuarascáil Taighde de chuid NCSE. Uimh. 24. 2016. http://ncse.ie/research-reports.</p>
<p>Comhairle Beartais de chuid NCSE:</p>	<p>Treoirínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair (2006) http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/TreoirinteNCSE.pdf.</p> <p>Ag Tacú le Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta i Scoileanna (2013) http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/09/Supporting_14_05_13_web.pdf.</p> <p>Oideachas Leanaí ag a bhfuil Iompar Dúshlánach a eascraíonn ó Aicídí Mothúcháin/Iompair Tromchúiseacha (2012) http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/09/EBDPolicyReport_1.pdf.</p> <p>Ag tacú le scoláirí ag a bhfuil Aicíd Speictream an Uathachais i Scoileanna (2015) http://ncse.ie/policy-advice.</p>
<p>Eolas ón NCSE do Thuismitheoirí/Scoileanna:</p>	<p>Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach - Treoir do na scoileanna maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (NCSE 2011). http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/Final-Irish-version-for-pub-on-web.pdf</p> <p>Sraith Paimfléidí Eolais do Thuismitheoirí Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2.</p> <p>Treoirínte maidir le hAistriú do Thuismitheoirí Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta agus do Scoileanna: http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2.</p>

**An tSeirbhís Náisiúnta
Síceolaíochta (NEPS):**

Leanúntas Tacaíochta - Bunoideachas

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_primary_continuum_guidelines_ir.pdf.

Leanúntas Tacaíochta - Iarbhuideoachas

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_ir.pdf

Leanúntas Tacaíochta - Deacrachtaí Iompair, Mothúcháin agus sóisialta

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_besd_guidelines_ir.pdf.

Aguisín 2: Beartas na ROS: Soláthar Foirne & Cóimheasa Coinneála & Deontas Caipitíochta

Catagóir	Cóimheas Scoláirí-Múinteoirí Bunscoile	Cóimheas Scoláirí-Múinteoirí Iarbhunscoil	Rang: Cóimheas Cúntóirí Riachtanais Speisialta	Leibhéal Coinneála Rollacháin	Deontais Caipitíochta - bunscoile 1
Lagú Amhairc	8:1	8:1.5	4:1	5	€819
Éisteacht	7:1	7:1.5	4:1	5	€819 €840 (Trom)
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom	11:1	11:1.5	4:1	9	€436 (< 12 bl.) €650 (> 12 bl.)
Míchumas Foghlama Ginearálta Measartha	8:1	8:1.5	2:1	6	€819
Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/Trom	6:1	6:1.5	2:1	Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta*	€840
Suaithheadh Mothúcháin/lompair	8:1	8:1.5	4:1	6	€819
Tromshuaithheadh Mothúcháin/lompair	6:1	6:1.5	1:1	3	€840
Uathachas/Aicid Speictream Uathachais	6:1	6:1.5	1:2	Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta*	€840
Míchumas Coirp	10:1	N/B	1:1	8	€819
Míchumais Iolracha	6:1	6:1.5	1:1	4	€840
Míchumas Foghlama Sainiúil	9:1	N/B	N/B	5	€436 (< 12 bl.) €650 (> 12 bl.)
Neamhord Sainiúil Urlabhartha agus Teanga	7:1	N/B	3:1	5	€819

1 Íoctar caipitíocht mhéadaithe €191 le scoileanna iarbhunoideachais i leith scoláirí i ranganna do mhíchumais foghlama ghinearálta éadroma/measartha. Lena chois sin faigheann na scoláirí seo ráta caipitíochta príomhshrutha (€301 i láthair na huairé, i. leithdháileadh comhcheangailte €492).

* Socraithe ag an SENO de réir polasáí na ROS

